Cealaithe 30/09/2016 - Féach Gréasáin Leabhar - Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta do Mhúinteoirí Cláraithe

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Ciorclán 0053/2015**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na Scoileanna Pobail, agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**
**agus**

**Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Scéim Saoire Breoiteachta do Mhúinteoirí Cláraithe i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna Aitheanta

Tugann an tAire Oideachais agus Scileanna ordú duit cur chun feidhme a dhéanamh ar na rialacháin agus na nósanna imeachta maidir le saoire bhreoiteachta do mhúinteoirí cáilithe incháilithe atá fostaithe i bpost múinteoireachta faofa atá maoinithe ag airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil. Baineann na nósanna imeachta sin le múinteoirí a fhaigheann tuarastal breisíoch ar chonradh buan, ar chonradh tréimhse éiginnte (CID), ar chonradh téarma seasta (e.g. lánaimseartha sealadach (TWT), páirtaimseartha rialta (RPT)) mar a shainmhínítear san Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003. Ní mór do gach múinteoir cloí le téarmaí an chiorcláin seo.

Leis an *Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) (Leasú) 2013*, tugadh cumhacht don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun rialacháin a dhéanamh ina leagfaí amach na mionsonraí sonracha i Scéim Saoire Breoiteachta Seirbhíse Poiblí. Cuimsítear na rialacháin sin in I.R. Uimh 124 de 2014 agus i (Leasú) I.R. 384 de 2015. Leagtar amach na sonraí maidir le Saoire Bhliantúil Reachtúil/Laethanta Saoire Poiblí sa leasú ar an Acht um Eagrú Ama Oibre 1997 a tháinig i bhfeidhm ó 1 Lúnasa 2015.

Beidh na rialacháin agus na nósanna imeachta le cur chun feidhme ag gach fostóir le héifeacht ó1 Meán Fómhair 2014 agus ní mór do gach múinteoir cloí le téarmaí an chiorcláin seo.

Gabhann an ciorclán seo in ionad na gciorclán, na meabhrán, na rialacha agus na rialachán go léir a eisíodh i dtaca le saoire bhreoiteachta do mhúinteoirí i mbunscoileanna aitheanta agus in iar-bhunscoileanna aitheanta. Cinntigh go gcuirtear cóipeanna den chiorclán seo ar fáil do gach comhalta den Bhord Bainistíochta/de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go ndírítear aird gach múinteora atá á fhostú agat, lena n-áirítear iad siúd ar saoire neamhláithreachta, ar an méid atá istigh ann.

Is féidir rochtain ar an gCiorclán seo ar shuíomh Gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Baile - Foireann Oideachais - Seirbhísí - Sosanna/Saoire - Saoire Bhreoiteachta.

Alfie Barrett
Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/SNA
1 Deireadh Fómhair 2015

Pádraig Maloney
An Rannóg Párolla
1 Deireadh Fómhair 2015

**Clár**


**Sainmhínithe** .......... 3
**1. Réamhrá** .......... 5
**2. Teidlíocht ar Saoire Ghnáth-Thinnis** .......... 6
**3. Teidlíocht ar Saoire Tinneas Criticiúil** .......... 6
**4. Socruithe Idirlinne le Pá Breoiteachta Sínte a bhronnadh in Imthosca Eisceachtúla** .......... 6
**5. Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin (TRR)** .......... 7
**6. Teidlíocht ar Saoire Bhreoiteachta Neamhíoctha** .......... 8
**7. Iarbhreithniú Déach** .......... 9
**8. Socruithe Idirlinne roimh Mheán Fómhair 2014 faoi théarmaí 60/2010** .......... 10
**9. Déileáil le tréimhsí roimhe Shaoire Bhreoiteachta faoin Scéim Nua** .......... 10
**10. Saoire Bhreoiteachta Fhéin-Deimhnithe** .......... 10
**11. Saoire Bhreoiteachta Dheimhnithe** .......... 10
**12. Fógra agus Taifeadhadh maidir le Shaoire Bhreoiteachta** .......... 11
**13. Ró-íocaíochtaí a bhaineann le Saoire Bhreoiteachta** .......... 12
**14. Múinteoirí a atreorú chuig an OHS** .......... 12
**15. Filleadh ar Dualgas** .......... 13
**16. Forálacha maidir le Tinneas a Bhaineann le Máithreachas** .......... 13
**17. Coigeartú Tuarastail** .......... 14
**18. Teidlíocht maidir le Saoire Bhliantúil Reachtúil / Leatheanta Saoire Phoiblí** .......... 14
**19. Stádas le linn Saoire** .......... 15
**20. Socruithe ÁSPC** .......... 15
**21. Dea-shláinte agus Ról an Comhairle Múinteoireachta** .......... 16
**22. Scor de Bharr Drochshláinte** .......... 16
**23. Múinteoirí atá ar Saoire Neamhláithreachta ar feadh níos mó ná dhá scoilbhliain iomlána** .......... 16
**24. Seoladh Comhfhreagrais** .......... 16
**25. Comhlíonadh** .......... 16
**26. Tuilleadh Eolais** .......... 16
**Aguisín A** .......... 17
**Aguisín B** .......... 20
**Aguisín C** .......... 21

**Scéim Saoire Breoiteachta do Mhúinteoirí Cláraithe**

**Sainmhínithe**

Chun críocha na scéime seo, sannfar cialla do na téarmaí seo a leanas mura léiríonn an comhthéacs a mhalairt:

**Forálacha Tinnis Thromchúisigh (FTT) –** ciallaíonn sé sin go bhféadfar saoire bhreoiteachta íoctha fhadaithe a dheonú i gcásanna eisceachtúla do mhúinteoirí atá ar éagumas mar thoradh ar thinneas criticiúil nó ar dhíobháil criticiúil choirp.

**Iarbhreithniú Déach –** ciallaíonn sé sin go n-athbhreithnítear taifead saoire breoiteachta múinteora thar thréimhse rollach ceithre bliana ar dtús agus go n-athbhreithnítear iad thar thréimhse rollach bliana ina dhiaidh sin chun pá a ríomh.

**Fostóir –** ciallaíonn sé sin Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) do ghairmscoileanna/do choláistí pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna nó an Bord Bainistíochta/Bainisteoir freagracht as ábhair a leagtar amach sa chiorclán seo a tharmligean mar is cuí.

**Bliain Saoire –** ciallaíonn sé sin an tréimhse ó 1 Meán Fómhair go dtí 31 Lúnasa, agus na dátaí sin san áireamh, gach bliain.

**Seirbhís Sláinte Ceirde (OHS) –** ciallaíonn sé sin iad siúd a chuireann comhairle mhíochaine neamhspleách maidir le sláinte cheirde ar fáil.

**Córas Éileamh Ar Líne (OLCS) –** ciallaíonn sé sin an córas le haghaidh neamhláithreachtaí a thaifeadadh agus éilimh maidir le híoc múinteoirí ionaid agus múinteoirí páirtaimseartha neamhrialta a chur isteach atá á oibriú faoi láthair i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha.

**Gnáth-Thinneas –** ciallaíonn sé sin tinneas nach meastar a bheith ina thinneas criticiúil.

**Saoire Breoiteachta a Bhaineann le Toircheas** (SBT) - saoire bhreoiteacha a eascraíonn as Breoiteacht a bhaineann la Toircheas.

**SSBSP** - Scéim Saoire Bhreoiteachta na Seirbhíse Poiblí

**Scoil Aitheanta –** ciallaíonn sé sin scoil atá aitheanta ag an Aire Oideachais agus Scileanna de réir Alt 10 den Acht Oideachais 1998.

**Scoilbhliain –** mar a shainmhíníonn an tAire Oideachais agus Scileanna ó am go chéile ag tosú faoi láthair 1 Meán Fómhair agus ag críochnú 31 Lúnasa.

**Múinteoir –** ciallaíonn sé sin duine atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

**Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin (TRR) –** ciallaíonn sé sin luach saothair pá a fhéadfar a thabhairt do mhúinteoir más rud é gur ídigh sé nó sí a rochtain ar shaoire bhreoiteachta íoctha.

**An Roinn –** ciallaíonn sé sin an Roinn Oideachais agus Scileanna.

## 1. Réamhrá

1.1 Tá Straitéis Sláinte Ceirde i bhfeidhm mar acmhainn tacaíochta do mhúinteoirí. Is é is aidhm don straitéis seo sláinte na múinteoirí a chur chun cinn san ionad oibre, agus dírítear go príomha ar chosc in ionad réitigh. Cuimsíonn an Straitéis Sláinte Ceirde an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe agus an tSeirbhís Sláinte Ceirde.

Is é atá sa tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe comhairleoireacht rúnda ar shaincheisteanna amhail sláinte, caidreamh, méala, strus, coinbhleacht, teagmhas criticiúil agus tráma. Is é atá i gceist sa tSeirbhís Sláinte Ceirde measúnuithe sláinte réamhfhostaíochta, atreoruithe neamhláithreacht tinnis, measúnuithe ar ábaltacht de réir míochaine i gcomhair oibre agus measúnuithe scor drochshláinte.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoin tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe agus faoin tSeirbhís Sláinte Ceirde a aimsiú ar an leathanach um an Straitéis Sláinte Ceirde ar shuíomh Gréasáin na Roinne.

1.2 Is é an sainmhíniú atá ar thréimhse tinnis ná aon tréimhse ina bhfuil múinteoir neamhábalta de réir míochaine a dhualgais/ adualgais iomlána a chomhlíonadh beag beann ar cé acu atá, nó nach bhfuil, an scoil is fostóir ar oscailt le haghaidh gnáthghnó.

1.3 Féadfar saoire bhreoiteachta a thabhairt do mhúinteoir nach bhfuil ábalta a dhualgais/ a dualgais a chomhlíonadh

- de bharr tinnis, díobhála nó
- nuair atá sé/sí neamhláithreach chun críche seirbhísí a bhaineann le sláinte (e.g. Dochtúir/Fiaclóir) a fháil ar choinníoll nach bhféadfaí na coinní sin a shocrú lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre nó de ghnáthlaethanta oibre.

1.4 Tá an deonú saoire breoiteachta do mhúinteoir atá tinn beartaithe chun deis imleor a chur ar fáil don mhúinteoir sin téarnamh ón tinneas agus óna thionchar le go bhféadfaidh sé/sí filleadh ar dualgas go luath gan dóchúlacht go dtiocfaidh an tinneas air/uirthi athuair. Dá bhrí sin, rachadh sé in aghaidh chuspóir luaite na scéime seo dá ngabhfaí d'aon ghníomhaíocht (e.g. taisteal thar lear, fostaíocht bhrabúsach nó féinfhostaíocht) a d'fhéadfadh an tSeirbhís Sláinte Ceirde a mheas mar ghníomhaíocht a chuireann bac ar théarnamh an mhúinteora sin.

1.5 Ní mór ceadú an fhostóra a iarraidh sula dtaistealaíonn múinteoir thar lear agus é/í ar saoire bhreoiteachta. Ní mór don fhostóir, dá réir sin, comhairle na Seirbhíse Sláinte Ceirde a iarraidh sula ndéanann sé cinneadh ar an ábhar.

1.6 Ríomhtar tréimhsí saoire breoiteachta go cúlghabhálach agus áirítear leo deireadh seachtaine, laethanta dúnta scoile agus laethanta nach bhfuil múinteoir le bheith i láthair de réir an tráthchláir (e.g. postrannta) a tharlaíonn laistigh de thréimhse neamhláithreachta.

1.7 Scoirfear de theidlíocht múinteora i leith na bhforálacha saoire breoiteachta a leagtar amach istigh anseo ar dhul as feidhm an chonartha nuair nár athnuaíodh an conradh sin.

## 2. Teidlíocht ar Saoire Ghnáth-Thinnis

2.1 Féadfar saoire bhreoiteachta íoctha mar seo a leanas a dheonú do mhúinteoir atá neamhláithreach as dualgas de bharr tinneas pearsanta nó díobháil phearsanta:

- 3 mhí (92 lá) ar a mhéad ar phá iomlán i mbliain
- Agus 3 mhí (91 lá) ar a mhéad ar leathphá ina dhiaidh sin
- Faoi réir saoire bhreoiteachta íoctha 6 mhí (183 lá) ar a mhéad i dtréimhse rollach ceithre bliana.

## 3. Teidlíocht ar Saoire Tinneas Criticiúil

3.1 Féadfar saoire bhreoiteachta íoctha fhadaithe a dheonú do mhúinteoirí atá ar éagumas mar thoradh ar thinneas criticiúil nó ar dhíobháil criticiúil choirp i gcásanna eisceachtúla mar seo a leanas:

- 6 mhí (183 lá) ar a mhéad ar phá iomlán i mbliain
- Agus 6 mhí (182 lá) ar a mhéad ar leathphá ina dhiaidh sin
- Faoi réir saoire bhreoiteachta íoctha 12 mhí (365 lá) ar a mhéad i dtréimhse rollach ceithre bliana.

3.2 Is faoin lucht bainistíochta atá sé an cinneadh a dhéanamh i dtaobh saoire bhreoiteachta fhadaithe a dheonú le haghaidh tinneas criticiúil nó díobháil criticiúil choirp agus déantar an cinneadh sin tar éis comhairle mhíochaine a fháil ón tSeirbhís Sláinte Ceirde.

3.3 Más rud é go bhfuil gnáth-thinneas ar mhúinteoir laistigh de thréimhse 12 mhí tar éis dháta tosaigh dheonú na saoire tinneas chriticiúil criticiúil, beidh feidhm ag na forálacha tinneas criticiúil.

3.4 Tá tuilleadh faisnéise faoi na próisis iarratais, atreoraithe agus achomhairc maidir le tinneas criticiúil ar fáil sa lámhleabhar *Gnáthnósanna Imeachta Oibriúcháin um Sheirbhís Sláinte Ceirde*.

## 4. Socruithe Idirlinne le Pá Breoiteachta Sínte a bhronnadh in Imthosca Eisceachtúla

4.1 D'fhonn cúinse ina mbeadh a rochtain ar phá breoiteachta íoctha caite ag múinteoir de thoradh breoiteacht tromchúiseach a tharlaíonn sna 4 bliana seirbhíse roimh thionscaint Scéim Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí (PSSLS) tá socrú idirlinne tionscanta. Dá réir sin, is féidir pá breoiteachta sínte a bhronnadh i gcás asláithreacht reatha breoiteacha ina raibh breoiteacht criticiúil ag múinteoir a thosaíonn sa tréimhse

seirbhíse 4 bliana roimh 1 Meán Fómhair 2014. Níl aon ghá go mbeadh baint ag an neamhláithreacht reatha, a thosaigh ar nó tar éis 1 Meán Fómhair 2014, leis an mbreoiteacht criticiúil.

4.2 Mar nach raibh na Forálacha Tinneas Criticiúil Criticiúil atá imlínithe in Alt 3 (thuas) ann roimh 1 Meán Fómhair 2014, ní féidir aon tinneas/gortú a tharla roimh an dáta sin a rangú mar thinneas criticiúil ar mhaithe le rochtain a fháil ar shaoire bhreoiteachta sínte.
Is féidir le fostóirí a lánrogha féin a úsáid áfach le pá breoiteachta sínte a bhronnadh faoi na Forálacha Tinneas Tromchúisigh Tromchúiseach mar is cuí, le haghaidh neamhláithreacht deimhnithe a tharlaíonn tar éis 1 Meán Fómhair 2014 ar an mbonn go raibh tinneas tromchúiseach ag an múinteoir a shásaíonn na critéir seo a leanas:

a) gur thosaigh an tinneas tromchúiseach laistigh den tréimhse seirbhíse 4 bliana roimh 1 Meán Fómhair 2014 agus
b) gur thosaigh sé laistigh de thréimhse 4 biana roimh thúsú na neamhláitheachta reatha agus
c) go ndéantar atreorú chuig an OHS de réir Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha an OHS.

4.3 Táthar ag súil nach n-úsáidfear an socrú idirlinne seo ach i gcúinsí eisceachtúla. I gcásanna ina mbaintear úsáid as lánrogha na bainistíochta, beidh rochtain ar shaoire bHreoiteachta íoctha fós faoi réir ag na huasteorannacha CIP a fhoráiltear i Scéim Saoire Breoiteachta Íoctha na Seirbhíse Poiblí.

4.4 Tá sé curtha in iúl ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go bhfuil sé ar intinn acu athbhreithniú a dhéanamh ar rialacháin saoire breoiteachta. Dá réir sin, má bhronntar saoire bHreoiteachta shínte faoin socrú idirlinne seo, ní mór d'fhostóirí an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh agus a chur ar fáil i gcomhthéacs an athbhreithnithe:

- Dáta tosaithe an tinnis/gortú reatha
- Dáta tosaithe an tinnis dheimhnithe roimhe seo

Cé nach bhfuil sé éigeantach nádúr an tinnis a lua ar theastas dochtúra, mura luaitear an fhaisnéis sind'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann maidir le cinneadh a dhéanamh faoi rochtain ar Fhorálacha Tinneas Tromchúiseachh a bhronnadh.

## 5. Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin (TRR)

5.1 I gcás ina mbeidh deireadh tagtha leis an tréimhse iomchuí saoire bhreoiteachta, féadfar saoire bhreise le Luach Saothair Sealadach Athshlánúcháin (TRR) a dheonú do mhúinteoir ag a bhfuil seirbhís 5 bliana ar a laghad (i bpost inphinsin i gcáil lánaimseartha nó pháirtaimseartha) ag deireadh na tréimhse saoire bhreoiteachta le pá, ach sin faoi réir coinníollacha áirithe. Déanfar TRR a ríomh ar

- phá inphinsin, agus
- ar sheirbhís inphinsin íoctha arna fabhrú san fhostaíocht tráth ar ídíodh an tsaoire bhreoiteachta íoctha, i dteannta na mblianta breise a dheonófaí má deonaíodh scor drochshláinte.

Níor cheart an méid de TRR a íoctar a ghlacadh mar léiriú cruinn ar an méid a d'fhéadfadh an ball a fháil ar scor mar go bhféadfadh na tosca bheith difriúil.

5.2 Ní tréimhse de sheirbhís inphinsin í an tréimhse a n-íoctar TRR lena linn.

5.3 Beidh an deonú TRR coinníollach i gcónaí ar dheimhniú ón OHS go bhfuil ionchas réasúnach ann go dtéarnóidh an múinteoir agus go bhfillfidh sé/sí ar an obair. Cuirfidh an OHS in iúl ag an gcéim atreoraithe 28 lá cé acu atá, nó nach bhfuil, ionchas réasúnach ann go dtéarnóidh an múinteoir agus go bhfillfidh sé/sí ar an obair. Sa chás go molann an OHS nach bhfuil, ina tuairim féin, aon ionchas réasúnach ann go dtéarnóidh an múinteoir agus go bhfillfidh sé/sí ar an obair, ní mór don fhostóir fógra a thabhairt don Roinn láithreach agus an beart tráthúil a mheasann sí a bheith cuí a dhéanamh, lena n-áirítear foirceannadh an chonartha fostaíochta ach gan a bheith teoranta dó.

5.4 Ní mhairfidh TRR níos mó ná 18 mí (548 lá) i gcás gnáth-thinnis.

5.5 I gcás múinteora ar deonaíodh pá breoiteachta fadaithe dó/di faoi na forálacha tinneas l criticiúil, féadfar go mbeidh rochtain aige/aici ar TRR a mhairfidh 12 mhí (365 lá) roimh thréimhse bhreise TRR nach mairfidh níos mó ná 24 mí (730 lá). Tá an tréimhse bhreise sin de TRR faoi réir athbhreithnithe a dhéanfaidh an OHS gach sé mhí.

## 6. Teidlíocht ar Saoire Bhreoiteachta Neamhíoctha

6.1 Aon mhúinteoir atá neamhábalta de réir míochaine dualgas a atosú agus ar mian leis/léi a phost/ apost sa scoil/scéim a choinneáil, tar éis dó/di an tréimhse uasta de shaoire bhreoiteachta íoctha a ídiú (agus nach gcáilíonn sé/sí le haghaidh TRR), ní mór dó/di fógra a thabhairt don fhostóir go bhfuil sé mar chuspóir aige/aici leas a bhaint as tréimhse saoire bhreoiteachta neamhíoctha a bhféadfadh sé/sí múinteoireacht a atosú lena linn má dheimhnítear go bhfuil sé/sí ábalta déanamh amhlaidh. De ghnáth, ní sháróidh an tréimhse saoire bhreoiteachta neamhíoctha na teorainneacha TRR a leagtar amach i mír 4.

6.2 Ní mór do mhúinteoir a thréimhse/ a tréimhse saoire bhreoiteachta íoctha a ídiú sula bhféadann sé/sí iarratas a dhéanamh ar shaoire bhreoiteachta neamhíoctha. Tá deonú na tréimhse saoire bhreoiteachta neamhíoctha faoi réir deimhniú míochaine inghlactha a chur faoi bhráid an fhostóra go leantach ar bhonn rialta (3 mhí ar a mhéad).

6.3 Sula dtéann an tsaoire bhreoiteachta neamhíoctha as feidhm, ní mór d'fhostóirí comhairle an OHS a iarraidh maidir leis an ionchas go dtéarnóidh an múinteoir agus go bhfillfidh sé/sí

ar an obair. Sa chás nach meastar filleadh ar dhualgas a bheith inmharthana, déanfaidh an fostóir an beart tráthúil sin a mheasann sé a bheith cuí, lena n-áirítear foirceannadh an chonartha fostaíochta ach gan a bheith teoranta dó.

## 7. Iarbhreithniú Déach

7.1. Chun ráta cuí pá múinteora a ríomh nuair atá sé/sí neamhláithreach de bharr tinnis nó díobhála, beidh córas um iarbhreithniú déach i bhfeidhm mar seo a leanas:

**<u>Gnáth-Thinneas</u>**

- Céim 1: A chinneadh cé acu atá, nó nach bhfuil, rochtain ag an múinteoir ar shaoire bhreoiteachta íoctha

Déantar athbhreithniú ar shaoire bhreoiteachta an mhúinteora thar an tréimhse 4 bliana ó dháta reatha na neamhláithreachta. Murar ídíodh saoire bhreoiteachta íoctha 6 mhí (183 lá) thar an tréimhse 4 bliana sin, féadfar rochtain ar shaoire bhreoiteachta íoctha a dheonú.

- Céim 2: A chinneadh cé acu atá pá iomlán, leathphá nó PRR i bhfeidhm

Má léiríonn Céim 1 go bhfuil rochtain ag an múinteoir ar shaoire bhreoiteachta íoctha, déanfar a thaifead/ a taifead saoire bhreoiteachta a athbhreithniú ina dhiaidh sin thar an tréimhse 1 bhliana ón dáta reatha neamhláithreachta chun an ráta ar a bhféadfaí saoire bhreoiteachta a íoc a fháil amach. Murar ídíodh an teorainn tosaigh 3 mhí (92 lá) ar phá iomlán, féadfar pá iomlán a dheonú go dtí an teorainn 3 mhí (92 lá). Ina dhiaidh sin, ríomhfar an méid a íoctar bunaithe ar leathphá nó TRR, de réir mar is cuí.

**<u>Tinneas Criticiúil</u>**

- Céim 1: A chinneadh cé acu atá, nó nach bhfuil, rochtain ag an múinteoir ar shaoire bhreoiteachta íoctha

Déantar athbhreithniú ar shaoire bhreoiteachta an mhúinteora thar an tréimhse 4 bliana ó dháta reatha na neamhláithreachta. Murar ídíodh saoire bhreoiteachta íoctha 12 mhí (365 lá) thar an tréimhse 4 bliana sin, féadfar rochtain ar shaoire bhreoiteachta íoctha a dheonú.

- Céim 2: A chinneadh cé acu atá pá iomlán, leathphá nó PRR i bhfeidhm

Má léiríonn Céim 1 go bhfuil rochtain ag an múinteoir ar shaoire bhreoiteachta íoctha, déanfar a thaifead/ a taifead saoire bhreoiteachta a athbhreithniú ina dhiaidh sin thar an tréimhse 1 bhliana ón dáta reatha neamhláithreachta chun an ráta ar a bhféadfaí saoire bhreoiteachta a íoc a fháil amach. Murar ídíodh an teorainn tosaigh 6 mhí (183 lá) ar

phá iomlán, féadfar pá iomlán a dheonú go dtí an teorainn 6 mhí (183 lá). Ina dhiaidh sin, ríomhfar an méid a íoctar bunaithe ar leathphá nó TRR, de réir mar is cuí.

7.2. Léiríonn na cásanna a leagtar amach in Aguisín A conas a oibreoidh an socrúchán um iarbhreithniú déach.

## 8. Socruithe Idirlinne roimh Mheán Fómhair 2014 faoi théarmaí 60/2010

8.1. Sa chás gur thosaigh múinteoir tréimhse saoire bhreoiteachta roimh 1 Meán Fómhair 2014 agus go leanann an tsaoire bhreoiteachta ar aghaidh ar an dáta sin agus ina dhiaidh, leanfaidh sé/sí de leas a bhaint as na socruithe saoire bhreoiteachta roimh I.R. Uimh. 124 de 2014 le haghaidh na neamhláithreachta sin i.e. 365 lá de shaoire bhreoiteachta íoctha i dtréimhse rollach 4 bliana. Tar éis dualgais a atosú, déileálfar le haon neamhláithreacht saoire bhreoiteachta ina dhiaidh sin faoi théarmaí na scéime saoire bhreoiteachta mar a leagtar amach sa chiorclán seo.

## 9. Déileáil le tréimhsí roimhe Shaoire Bhreoiteachta faoin Scéim Nua

9.1 Mar a bhí amhlaidh i gcónaí roimhe seo, leanfar le taifid saoire bhreoiteachta a athbhreithniú thar thréimhse rollach 4 bliana. Ciallaíonn sé sin go mbogfar an múinteoir go leathphá nó go TRR, de réir mar is cuí, sa chás go bhfuil neamhláithreacht tinnis ag an múinteoir sin ar 1 Meán Fómhair 2014 nó ina dhiaidh agus gur íocadh níos mó ná saoire bhreoiteachta 183 lá i dtréimhse rollach 4 bliana.

## 10. Saoire Bhreoiteachta Fhéin-Deimhnithe

10.1. Is é 7 lá an t-uaslíon laethanta saoire bhreoiteachta féindeimhnithe atá ceadaithe in aon tréimhse rollach 2 bhliain leantacha de sheirbhís mhúinteoireachta ag ríomh siar ón neamhláithreacht saoire bhreoiteachta féindeimhnithe is déanaí. Ní íocfar aon neamhláithreacht saoire bhreoiteachta féindeimhnithe níos faide ná an t-uaslíon 7 lá a ndéantar foráil dó faoin mír seo agus féadfar déileáil léi faoi na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe.

10.2. Féadfar íocaíocht as saoire bhreoiteachta fhéindeimhnithe a mhionathrú nó a tharraingt siar, tar éis próiseas cuí, i gcásanna ina bhfuil neamhláithreachtaí minic go míchuí agus go ndruidtear leis an uaslíon laethanta nó go nglactar é bliain i ndiaidh bliana.

10.3. Ní bhainfidh múinteoir leas as tréimhse saoire bhreoiteachta fhéindeimhnithe lom láithreach tar éis saoire bhreoiteachta dheimhnithe.

## 11. Saoire Bhreoiteachta Dheimhnithe

11.1 Sa chás go bhfuil múinteoir neamhláithreach ar shaoire bhreoiteachta leanúnach atá

níos faide ná an líon údaraithe laethanta a leagtar amach in Aguisín B den chiorclán seo, tá teastas dochtúra ag teastáil.

Sa chás go dteipeann ar mhúinteoir teastas dochtúra a chur ar fáil don fhostóir i leith neamhláithreachta ar shaoire bhreoiteachta de réir na scéime, ba cheart don fhostóir dul i dteagmháil leis an múinteoir chun a chur in iúl go ndéanfar, sa chás go dteipeann air/uirthi na cáipéisí míochaine riachtanacha a chur isteach agus tar éis próiseas cuí, an tsaoire a thaifeadadh mar thréimhse saoire bhreoiteachta neamhcheadaithe agus íocaíocht leis an múinteoir a tharraingt siar ar feitheamh filleadh ar dhualgas nó ar chomhlíonadh na scéime agus féadfar déileáil léi faoi na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe.

11.2 Le go bhfuil sé inghlactha, ní mór an teastas dochtúra

- a bheith sínithe ag liachleachtóir cáilithe atá cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis in Éirinn/sa Ríocht Aontaithe/le Comhairle Fiaclóireachta na hÉireann. I gcásanna eisceachtúla, féadfar glacadh le teastais dochtúra ó liachleachtóirí ó thíortha thar lear, mar shampla sa chás go dtagann tinneas ar mhúinteoir thar lear nó go bhfuil cóireáil mhíochaine aitheanta nach bhfuil ar fáil in Éirinn á fáil ag múinteoir. Ní mór comhairle an OHS a iarraidh sna cásanna sin.

- tréimhse nach mó ná seachtain amháin ar fad a chlúdach de ghnáth. Mar sin féin, féadfar deimhniúchán le haghaidh tréimhsí suas go dtí mí amháin ar fad a cheadú faoi lánrogha an fhostóra.

- ábaltacht i gcomhair oibre nó eile a lua

11.3 Cé nach bhfuil sé éigeantach cineál an tinnis a lua ar theastas dochtúra, féadfaidh teip fhaisnéis sin a chur san áireamh a bheith ina cúis le deacrachtaí má táthar ag iarraidh nach gcuirfear an neamhláithreacht san áireamh e.g. gan lá dúnta scoile a chur san áireamh.

11.4 Ní mór d'fhostóir rúndacht gach faisnéise a bhaineann le taifid saoire bhreoiteachta na múinteoirí aonair a chosaint agus baineann sé sin le teastais dochtúra go háirithe.

## 12. Fógra agus Taifeadhadh maidir le Shaoire Bhreoiteachta

12.1 Ba cheart d'aon mhúinteoir atá neamhláithreach mar thoradh ar thinneas fógra a thabhairt don fhostóir, nó socrúcháin oiriúnacha a dhéanamh chun fógra a thabhairt don fhostóir, a luaithe is féidir ar an gcéad lá den neamhláithreacht. Ba cheart don mhúinteoir, nuair is féidir, fad dóchúil na neamhláithreachta a chur in iúl.

12.2 Cuirfidh an scoil gach neamhláithreacht saoire bhreoiteachta in iúl don Roinn (tríd an OLCS) / don Bhord Oideachais agus Oiliúna beag beann ar cé acu a fostaíodh, nó nár fostaíodh, múinteoir ionaid. Tá sé ríthábhachtach go gcuirtear gach neamhláithreacht

saoire bhreoiteachta in iúl don Roinn/don Bhord Oideachais agus Oiliúna go tráthúil mar go bhféadfar tuarastal a ró-íoc le múinteoir agus/nó clúdach múinteoirí ionaid do scoileanna a tharraingt siar mura ndéantar amhlaidh.

12.3 Tá ceangal ar fhostóirí nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm acu chun monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar phatrúin saoire bhreoiteachta.

12.4 Ba cheart don fhostóir ráiteas mionsonraithe maidir le gach neamhláithreacht saoire bhreoiteachta a sholáthar do gach múinteoir ach é a iarraidh agus ba cheart tuairisc amháin ar a laghad a chur ar fáil gach bliain. Tá an fhaisnéis sin ar fáil ar an OLCS/ar an gcóras ábhartha de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

## 13. Ró-íocaíochtaí a bhaineann le Saoire Bhreoiteachta

13.1 Sa chás go dtagann ró-íocaíocht tuarastail aníos, mar shampla, mar thoradh ar neamhláithreachtaí saoire bhreoiteachta á gcur isteach go mall, déanfar an ró-íocaíocht a aisghabháil go hiomlán ó íocaíocht tuarastail an mhúinteora sa todhchaí tar éis é a chur in iúl don OLCS/do BOO.

## 14. Múinteoirí a atreorú chuig an OHS

14.1 Tá dualgas ar an bhfostóir faoi Alt 8 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 chun "sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe/a fostaithe ag an obair a chinntiú a oiread is féidir go réasúnach". Tá an OHS i bhfeidhm chun cabhrú leis an bhfostóir an dualgas sin a chomhlíonadh. Ní mór don fhostóir, dá bhrí sin, an múinteoir a atreorú chuig an OHS chun críche measúnú neamhspleách, sa chás go bhfuil údair réasúnacha imní ann faoi ábaltacht an mhúinteora tabhairt faoina dhualgais/ faoina dualgais ar bhealach atá sábháilte don mhúinteoir agus do na daltaí araon. Is é an Soláthraí OHS, arna chonrú ag an Roinn, an t-aon soláthraí aitheanta maidir le comhairle mhíochaine neamhspleách do mhúinteoirí agus d'fhostóirí. Is ceanglas den scéim saoire bhreoiteachta é go gcloíonn gach duine atá páirteach sa scéim sin agus a bhaineann leas as an scéim sin leis an measúnacht mhíochaine a dhéanann an OHS.

14.2 Agus atreorú á dhéanamh aige, ba cheart don fhostóir Lámhleabhar na nGnáthnósanna Imeachta Oibriúcháin um Sheirbhís Sláinte Ceirde a leanúint.

14.3 Is mar seo a leanas atá na critéir le haghaidh múinteoirí a atreorú chuig an OHS:

- Neamh-lánroghnach: aon mhúinteoir ar shaoire bhreoiteachta ag a bhfuil neamhláithreacht leanúnach nó carnach 4 seachtaine (28 lá) ar saoire bhreoiteachta **i dtréimhse rollach 12 mhí** de sheirbhís mhúinteoireachta.

- Lánroghnach: Múinteoirí a bhfuil údair réasúnacha imní ina dtaobh a bhaineann lena n-ábaltacht de réir míochaine i gcomhair oibre.

14.4 Tá ceangal ar an múinteoir comhoibriú leis an OHS agus dul i dteagmháil léi. Cé nach gá bheith i láthair ag roinnt mhaith de na measúnachtaí, is faoin OHS a chinneadh cé na cúinsí ina bhféadfar ceangal a chur ar mhúinteoir freastal ar mheasúnacht mhíochaine agus/nó a shocrú go gcuireann (dochtúir freastail an mhúinteora) tuairisc chuimsitheach ó dhochtúir go dochtúir faoi bhráid an OHS.

## 15. Filleadh ar Dualgas

15.1 Táthar ag súil leis go mbeadh múinteoir ábalta de réir míochaine i gcomhair dualgais iomlána a atosú tar éis tréimhse saoire bhreoiteachta sa dóigh is nach spreagfadh atosú dualgais athiompú go tinneas.

15.2 Ní mór do mhúinteoir atá ag beartú dualgas a atosú roimh an dáta atá sonraithe ar a theastas/ a teastas dochtúra teastas ábaltachta óna dhochtúir/ óna dochtúir freastail a chur ar fáil roimh dháta an atosaithe. In éagmais an teastais sin, cuirfear an tréimhse iomlán mar atá taifeadta ar an teastas dochtúra/na teastais dochtúra san áireamh mar shaoire bhreoiteachta. Ní ghlacfar le teastais ábaltachta a thabharfar ag dáta ina dhiaidh sin mar fhianaise ar infheidhmeacht dualgais.

15.3 Roimh dó/di atosú ar dualgas, ní mór do mhúinteoir atá neamhláithreach ar shaoire bhreoiteachta íoctha ar feadh 4 seachtaine leanúnacha nó níos mó, nó atá neamhláithreach ar feadh aon tréimhse TRR/saoire bhreoiteachta neamhíoctha nó tréimhse níos giorra sa chás go bhfuil foras réasúnach imní ag an bhfostóir cáipéisí dochtúra a chur isteach lena sonraítear go bhfuil sé/sí in inmhe dualgais. Ní mór don fhostóir deimhniúchán lena sonraítear go bhfuil an múinteoir ábalta filleadh ar dualgas a fháil ón OHS freisin.

15.4 Sa chás go bhfuil múinteoir neamhláithreach ar shaoire bhreoiteachta agus nár fhill sé/sí ar dualgas ar feadh tréimhse réasúnach roimh thréimhse dúnadh scoile agus ina diaidh, measfar an múinteoir a bheith ar shaoire bhreoiteachta don fhad iomlán

- mura soláthraíonn an múinteoir teastas dochtúra lena sonraítear go bhfuil sé/sí ábalta dualgais iomlána a atosú roimh an tréimhse dúnadh scoile nó lena linn agus
- mura bhfuarthas comhairle an OHS maidir le hábaltacht an mhúinteora chun dualgais iomlána a atosú agus maidir le cé acu ba cheart, nó nár cheart, an tréimhse dúnadh scoile nó aon chuid di a chur as áireamh agus
- murar mheas an OHS an tréimhse um fhilleadh ar dualgas a bheith réasúnach, agus aird á tabhairt ar na cúinsí míochaine i gcásanna aonair.

## 16. Forálacha maidir le Tinneas a Bhaineann le Máithreachas

16.1 Sna Rialacháin um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta) 2014, I.R. 124 de 2014, mar atá leasaithe ag Na Rialacháin um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí

(Saoire Bhreoiteachta) (Leasú), 2015 (I.R. Uimh. 384 de 2015) leagtar amach na forálacha a bhaineann leis an ngaolmhaireacht idir tinneas a bhaineann le toircheas agus na teorainneacha saoire bhreoiteachta.

16.2 Má tá múinteoir neamhábalta de réir míochaine i gcomhair oibre de bharr tinnis a bhaineann le toircheas, gheobhaidh sí saoire bhreoiteachta ar leathphá, ar feadh fhad a tinnis a bhaineann le toircheas sula dtéann sí ar shaoire mháithreachais. Ní bhíonn sé sin ag brath ar cé acu a shroich, nó nár shroich, sí an uasteorainn le haghaidh leathphá de bharr saoire bhreoiteachta roimhe sin.

16.3 Déantar foráil sna rialacháin mar a leanas

- Socrú idirlinne a dhéanann lascainne ar gach PRSL a tógadh roimh thúsú an PSSLS (1 Meán Fómhair 2014) d' fhonn rochtain ar shaoire hbreoiteachta íoctha a dheimhniú faoin scéim reatha.
- Socrú leanúnach mar a gcuirtear saoire bhreoiteachta a bhaineann le toircheas sna 4 bliana roimhe sin chun sochair ar leathphá, faoi réir ag na teorannacha foriomlána neamhthoirchis le haghaidh saoire bhreoiteachta.

16.4 Léirítear conas a oibreoidh na socruithe sna cásanna atá leagtha amach in Aguisín C.

## 17. Coigeartú Tuarastail

17.1 I gcásanna inar ídíodh an teidlíocht i leith tuarastal breisíoch sula n-atosaítear ar dhualgas, ní thabharfar tuarastal ar ais ach ón dáta ar a measann an OHS go bhfuil an múinteoir ábalta dualgais iomlána a atosú. Bíonn sé sin ag brath freisin ar an múinteoir ag atosú dualgais iarbhír ar an gcéad lá féideartha tar éis dheimhniú an OHS.

17.2 Ba cheart aon bheart a bhfuil sé riachtanach tuarastal múinteora a choigeartú dá bharr a chur in iúl don Roinn/do Bhord Oideachais agus Oiliúna láithreach.

## 18. Teidlíocht maidir le Saoire Bhliantúil Reachtúil / Leatheanta Saoire Phoiblí

18.1 De ghnáth, bíonn fostaithe lánaimseartha i dteideal saoire bhliantúil 20 lá. Bíonn fostaithe a oibríonn níos lú ná uaireanta iomlána i dteideal saoire bhliantúil ar bhonn pro rata.

18.2 Déileálfaidh saoire bhliantúil bhreise le haon teidlíochtaí i dtaca le laethanta saoire poiblí a tharlaíonn agus múinteoir ar shaoire bhreoiteachta.

18.3 Tá na teidlíochtaí saoire bhliantúil sin le glacadh ar laethanta reatha dúnadh scoile a tharlaíonn sa bhliain saoire i gceist i.e. tar éis na tréimhse saoire bhreoiteachta. Tá teidlíocht saoire bhliantúil le glacadh tráth taobh amuigh den tréimhse saoire bhreoiteachta.

18.4 Sa chás go bhfuiltear neamhláithreach ar shaoire bhreoiteachta agus nach bhfuil go leor laethanta dúnadh scoile fágtha sa bhliain saoire chun na teidlíochtaí saoire bhliantúil go léir a iompar, is ceadmhach na laethanta riachtanacha a ghlacadh lom láithreach tar

éis na saoire breoiteachta san aon bhliain saoire amháin. Mar mhalairt air sin, tabharfar cead do mhúinteoirí an t-iarmhar a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain saoire ina dhiaidh sin ach caithfidh siad ansin na laethanta sin a ghlacadh le linn laethanta dúnadh scoile.

18.5 Féadfaidh múinteoirí a éiríonn as/a théann ar scor nó a scoirtear dá bhfostaíocht bheith i dteideal íocaíocht bhreise in ionad a saoire fhabhraithe.

18.6 Ó 1 Lúnasa 2015, de thoradh Leasú ar An Acht um Eagrú Ama Oibre 1997, tá siad seo a leanas i bhfeidhm:

- Leanann teidlíocht reachtúil ar shaoire bhliantúil ar aghaidh ag fabhrú le linn tréimhse deimhnithe saoire bhreoiteachta. Beifear i dteideal saoire fhabhraithe bhliantúil a thabhairt ar aghaidh ar feadh suas le 15 mhí tar éis na bliana saoire atá i gceist.
- Ní mór leas a bhaint as an teidlíocht seo laistigh de 15 mhí ó dheireadh na bliana breoiteachta lena mbaineann sí.
- Féadfaidh múinteoirí nach féidir leo a saoire bhliantúil a thógáil ag an am cuí mar gheall ar bhreoiteacht dheimhnithe agus a chuireann deireadh lena bhfostaíocht/ a shroicheann deireadh a gconradh / a théann ar scor laistigh de 15 mhí ó dheireadh na bliana a bhfuil saoire bhliantúil fabhraithe mar sin di, a bheith i dteideal íocaíochta in ionad na saoire sin, ar an gcoinníoll nach mbogann siad díreach chuig post eile atá maoinithe ag ag an Oireachtas sa Stát seo.

Tá sonraí iomlána an leasaithe seo ar fáil in Alt 86(1) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015. Tabhair faoi deara go mbeidh tabhairt anonn na saoire bliantúla srianta do theidlíocht reachtúil agus déanfar tréimhsí ábhartha dúnadh scoile a áireamh le freastal ar aon fhabhrú saoire bhliantúil dá leithéid.

## 19. Stádas le linn Saoire

19.1 Tá neamhláithreachtaí ar shaoire bhreoiteachta íoctha (pá iomlán nó leathphá) ináirithe go hiomlán chun gach críche, lena n-áirítear sinsearacht, cinneadh na gceart painéil etc. Níl neamhláithreachtaí ar luach saothair sealadach athshlánúcháin (TRR) ináirithe chun críche aoisliúntais agus breisíochta.

## 20. Socruithe ÁSPC

20.1 I gcás ranníocóirí ÁSPC Aicme A, ní mór don scoil an Teastas Leasa Shóisialaigh MC1 a chur faoi bhráid na rannóige párolla ábhartha den Roinn seo/de Bhord Oideachais agus Oiliúna tar éis tréimhse 6 lá leantacha de shaoire bhreoiteachta lena atreorú ag an rannóg párolla ábhartha chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá sé sin riachtanach chun rialacháin ÁSPC a chomhlíonadh.

**21. Dea-shláinte agus Ról an Comhairle Múinteoireachta**

21.1 Tá dea-shláinte maidir le ligean isteach agus a bhaint nó a fhionraí as an Chlár na Múinteoirí ceist don Chomhairle Mhúinteoireachta.

**22. Scor de Bharr Drochshláinte**

22.1 Féadfaidh múinteoir a mheastar a bheith neamhábalta de réir míochaine chun leanúint ar aghaidh ag múineadh san fhadtéarma bheith i dteideal sochair áirithe phinsin faoin Scéim Pinsean do mhúinteoirí.

**23. Múinteoirí atá ar Saoire Neamhláithreachta ar feadh níos mó ná dhá scoilbhliain iomlána**

23.1 Ceanglófar ar mhúinteoir a bhí ar chead neamhláithreachta fadtéarmach de chineál ar bith atá níos faide ná dhá scoilbhliain iomlána dul faoi mheasúnacht mhíochaine agus is gá go measann an OHS go bhfuil sé/sí ábalta ó thaobh míochaine de sula bhfilleann sé/sí.

**24. Seoladh Comhfhreagrais**

24.1 Seolfaidh an fostóir gach comhfhreagras riachtanach chuig an múinteoir ag an seoladh r-phost/baile is déanaí a tugadh. Ní bheidh aon locht ar an bhfostóir sa chás nach bhfaigheann an múinteoir an comhfhreagras sin. Ní thabharfar d'aon tríú páirtithe aon fhaisnéis a chuireann an múinteoir ar fáil agus ní úsáidfear í ach amháin ar aon dul leis an gcuspóir ar cuireadh ar fáil í ina leith.

**25. Comhlíonadh**

25.1 Ní mór do gach múinteoir/fostóir cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta a leagtar amach sa chiorclán seo. Sa chás nach gcloítear leis na rialacháin agus na nósanna imeachta, déileálfar leis faoi na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe agus féadfaidh sé a bheith ina chúis le stad tuarastail i gcás múinteoirí agus/nó le tarraingt siar an chlúdaigh múinteoirí ionaid do scoileanna.

25.2 Tá sé beartaithe ag an Roinn scrúduithe rialta a dhéanamh ar thaifid saoire bhreoiteachta. Ní mór don fhostóir na cáipéisí ar fad a bhaineann le saoire bhreoiteachta (e.g. deimhniúchán dochtúra, atreoruithe sláinte ceirde, cáipéisí tacaíochta eile) a choinneáil mar aon leis na taifid phearsanra ábhartha.

**26. Tuilleadh Eolais**

26.1 De réir na míre réamhráití, tá na rialacháin sa chiorclán seo le cur chun feidhme ag an bhfostóir. Ba cheart aird an fhostóra a dhíriú ar gach ceist. Féadfaidh an fostóir dul i gcomhairle lena eagraíocht ionadaíoch agus féadfar gur mian leis an eagraíocht ionadaíoch dul i gcomhairle leis an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie

**Aguisín A**

**<u>Cás 1 - Gnáth-Thinneas</u>**

Is mar seo a leanas atá taifead saoire bhreoiteachta Sheáin:

| Ó | Go | Líon laethanta | Sonraí |
|---|---|---|---|
| 12 Bealtaine 13 | 23 Bealtaine 13 | 12 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Meán Fómhair 14 | 16 Samhain 14 | 77 lá | Tinneas Deimhnithe |
| | **IOMLÁN** | **89 lá** | |

Téann Seán ar shaoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 01 Deireadh Fómhair 2016 go dtí 08 Deireadh Fómhair 2016 (8 lá).

- Iarbhreithniú thar 4 bliana – níor sroicheadh 183 lá de shaoire bhreoiteachta
- Iarbhreithniú thar 1 bhliain – níor sroicheadh 92 lá de shaoire bhreoiteachta

Déanfar pá iomlán a íoc le Séan do na 8 lá. Agus úsáid á baint as an iarbhreithniú déach, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar bhliain amháin den taifead saoire bhreoiteachta siar go dtí 02 Deireadh Fómhair 2015, is léir nach raibh aon saoire bhreoiteachta ann. Dá bhrí sin, tá sé i dteideal 8 lá ar phá iomlán a fháil.

**<u>Cás 2 - Gnáth-Thinneas</u>**

Is mar seo a leanas atá taifead saoire breoiteachta Áine:

| Ó | Go | Líon laethanta | Sonraí |
|---|---|---|---|
| 10 Ean 13 | 21 Feabhra 13 | 43 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Nollaig 13 | 15 Nollaig 13 | 15 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Márta 14 | 02 Iúil 14 | 124 lá | Tinneas Deimhnithe |
| | **IOMLÁN** | **182 lá** | |

Téann Áine ar shaoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 01 Deireadh Fómhair 2016 go dtí 31 Deireadh Fómhair 2016 (31 lá).

- Iarbhreithniú thar 4 bliana – níor sroicheadh 183 lá de shaoire bhreoiteachta
- Iarbhreithniú thar 1 bhliain – níor sroicheadh 92 lá de shaoire bhreoiteachta

Déanfar pá iomlán a íoc le hÁine don 1 lá. Agus úsáid á baint as an iarbhreithniú déach, tá 182 lá tógtha ag Áine cheana féin sa tréimhse rollach 4 bliana agus, dá bhrí sin, tá 1 lá de shaoire bhreoiteachta íoctha fágtha aici. Ós rud é nach raibh aon saoire bhreoiteachta aici sa 12 mhí go dtí 1 Deireadh Fómhair 2016, tá rochtain aici ar phá iomlán don lá sin. Má chomhlíonann Ann na critéir i leith TRR, déanfar íocaíocht don 30 lá eile a thabhairt de réir an ráta sin.

**Cás 3 - Gnáth-Thinneas**

Is mar seo a leanas atá saoire bhreoiteachta Sheosaimh:

| Ó | Go | Líon laethanta | Sonraí |
|---|---|---|---|
| 10 Samhain 12 | 22 Nollaig 12 | 43 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Nollaig 13 | 15 Nollaig 13 | 15 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Márta 14 | 04 Iúil 14 | 126 lá | Tinneas Deimhnithe |
| | **IOMLÁN** | **184 lá** | |

Téann Seosamh ar shaoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 01 Deireadh Fómhair 2016 go dtí 31 Deireadh Fómhair 2016 (31 lá).

- Iarbhreithniú thar 4 bliana – sroicheadh 183 lá de shaoire bhreoiteachta

Ós rud é go ndeachthas thar an teorainn 183 lá sa tréimhse rollach 4 bliana, féadfar TRR a íoc le Seosamh má chomhlíonann sé na critéir.

**Cás 4 - Tinneas Criticiúil**

Is mar seo a leanas atá saoire bhreoiteachta Mháire:

| Ó | Go | Líon laethanta | Sonraí |
|---|---|---|---|
| 12 Samhain 13 | 23 Samhain 13 | 12 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Nollaig 14 | 15 Nollaig 14 | 15 lá | Tinneas Deimhnithe |
| | **IOMLÁN** | **27 lá** | |

Téann Máire ar shaoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 01 Deireadh Fómhair 2016 go dtí 30 Márta 2017 (181 lá).
Déanann Máire iarratas ar thinneas criticiúil agus ceadaítear an t-iarratas sin.

- Iarbhreithniú thar 4 bliana – níor sroicheadh 365 lá de shaoire bhreoiteachta
- Iarbhreithniú thar 1 bhliain – níor sroicheadh 183 lá de shaoire bhreoiteachta

Déanfar pá iomlán a íoc le Máire don 181 lá ós rud é gurb é atá sna teorainneacha iarbhreithnithe dhéach a i gcás tinneas criticiúil ná 365 lá i dtaca lena chinneadh an bhfuil rochtain ag an múinteoir ar shaoire bhreoiteachta le pá nó nach bhfuil agus 183 lá i dtaca lena chinneadh cén ráta pá a bheidh ann.

**Cás 5 - Tinneas Criticiúil**

Is mar seo a leanas atá saoire bhreoiteachta Eoin:

| Ó | Go | Líon laethanta | Sonraí |
|---|---|---|---|
| 12 Bealtaine 13 | 23 Meitheamh 13 | 43 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Nollaig 13 | 15 Nollaig 13 | 15 lá | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Márta 14 | 20 Meitheamh 14 | 112 lá | Tinneas Deimhnithe |
| | **IOMLÁN** | **170 lá** | |

Téann Eoin ar shaoire bhreoiteachta dheimhnithe ón 01 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 30 Aibreán 2017 (212 lá). Déanann Eoin iarratas ar thinneas criticiúil agus ceadaítear an t-iarratas sin.

- Iarbhreithniú thar 4 bliana – níor sroicheadh 365 lá de shaoire bhreoiteachta
- Iarbhreithniú thar 1 bhliain – níor sroicheadh 183 lá de shaoire bhreoiteachta

Roimh thús na saoire seo, bhí 170 lá ag Eoin sa tréimhse rollach 4 bliana ach ní raibh aon saoire bhreoiteachta aige sa tréimhse rollach 1 bhliana siar go dtí Deireadh Fómhair 2015 agus, dá bhrí sin, déanfar pá iomlán a íoc leis do 183 lá. Fágann sé sin gur 353 lá an líon iomlán laethanta saoire breoiteachta atá ann sa tréimhse rollach 4 bliana. Déanfar leathphá a íoc leis don 12 lá atá fágtha agus, má tá sé cáilithe, íocfar an 17 lá deiridh de réir TRR.

**Aguisín B**

**Tá deimhniúchán dochtúra ag teastáil sa chás go sáraítear na teorainneacha seo a leanas**

**<u>Bunscoileanna agus Scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna</u>**

Féadfaidh múinteoirí incháilithe saoire bhreoiteachta de 3 lá scoile leantacha a thógáil gan teastas dochtúra a chur ar fáil

**<u>Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha</u>**

Féadfaidh múinteoirí incháilithe saoire bhreoiteachta de 4 lá scoile leantacha a thógáil gan teastas dochtúra a chur ar fáil

**Aguisín C**

**Cás 1 - Saoire Bhreoiteachta a Bhaineann le Toircheas (PRSL) (roimh MF14) Socrú Idirlinne**

Tá taifead saoire breoiteachta Mháire mar seo a leanas:

| Ó | GO | Líon laethan | Sonraí |
|---|---|---|---|
| 01 DF 2012 | 31 Ean 2013 | 123 | Saoire Breoiteachta a Bhaineann le Toircheas |
| 08 Nol 2013 | 15 Nol 2013 | 8 | Tinneas Deimhnithe |
| 03 Már 2014 | 05 Bea 2014 | 64 | Tinneas Deimhnithe |
| | IOMLÁN | 195 | |

Téann Máire ar saoire tinnis dheimhnithe ó 01 MF go 20 MF 2015 (30 lá)

- Ag breathnú siar thar 4 bliana tá 183 lá sáraithe
    - PRSL ***Lascainítear gach PRSL roimh thiomsú na scéime***
    - Iomlán Nua 4 bliana (neamh PRSL) = 72 (195 - 123)
- Ag breathnú siar thar 4 bliana - níor sroicheadh 183 lá de thinneas bhreoiteachta
- Ag breathnú siar 1 bhliain amháin - níor sroicheadh 92 lá saoire breoiteachta

Íocfar pá iomlán le Máire don 30 lá. Ar 01 MF 2015 tá taifead 72 lá de shaoire bhreoiteachta (lúide PRSL ábhartha) ag Máire in 4 bliana / 0 lá in 1 bhliain. Fanann an neamhláithreacht 30 lá i MF 2015 faoin dá thairseach iarbhreithnithe déach, agus dá bhrí sin tá Máire i dteideal lánphá breoiteachta don neamhláithreacht 30 lá.

**<u>Cás 2 (PRSL) (Iar-MF 14) Socrú Leantach</u>**

Mar a luaitear i Rialachán 20 de Bhainistiú na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreoiteachta):

Cuirfear gach neamhláithreacht faoin scéim reatha saoire bhreoiteachta chun sochair ag leathráta pá *laistigh de na gnáth-theorainneach saoire bhreoiteachta*.

Níl Rialachán 20 **IOMCHAÍ ACH I GCÁS**:

- Go bhfuil a dtairseach le haghaidh saoire bhreoiteachta íoctha (183 nó 365 lá) 4 bliana sroichte ag muinteoir.
- Nuair nach neamhláithreacht dheimhnithe PRSL í an neamhláithreacht reatha.
- Go bhfuil neamhláithreacht dheimhnithe PRSL cheana féin ag an múinteoir tar éis 1 Meán Fómhair 2014.

Tá an taifead saoire hbreoiteachta seo a leanas ag Rachel:

| Ó | GO | Líon Laethanta | Sonraí |
|---|---|---|---|
| 15 Fea 2013 | 19 Fea 2013 | 5 | Tinneas Deimhnithe |
| 01 Sam 2013 | 31 Már 2014 | 151 | Tinneas Deimhnithe |
| 20 Bea 2013 | 20 Bea 2013 | 1 | Saoire Bhreoiteachta Féin-Deimhnithe |
| 01 DF 2014 | 01 Sam 2014 | 32 | Saoire Bhreoiteachta a bhainear le Toircheas |
| 02 Sam 2014 | 01 Nol 2014 | 30 | Saoire Bhreoiteachta a bhainear le Toircheas Leathphá |
| | IOMLÁN | 219 | |

Téann Rachel ar saoire bhreoiteachta dheimhnithe ó 01 Ean 2016 go 29 Fea 2016 (60 lá).

- Ag breathnú siar thar 4 bliana tá 183 lá sáraithe
    - Socrú Leantach **PRSL - Gach PRSL curtha chun sochair ag leathphá (laistigh de ghnáth-theorainneacha saoire bhreoiteachta)**
    - Iomlán nua 4 Bliana (neamh - PRSL) = 157 (219 - 62)
- Ag breathnú siar thar 4 bliana níor sroicheadh 183 lá saoire bhreoiteachta (iarmhéid 26 lá)
- 1 Iarbhreithniú 1 bhliain neamhábhartha mar gur socrú LEATHPHÁ amháin an tsaoire bhreoiteachta íoctha faoin socrú seo.

Íocfar leathphá le Rachel ar son 26 lá ag tabhairt iomlán a saoire bhreoiteachta neamh-PRSL go 183 lá in 4 bliana. Íocfar iarmhéid na neamhláithreachta seo (34 lá) (faoi réir ag na critéirí teidlíochta cuí) ag Luath Saothar Sealadach Athshlánúcháin.